



**Polasaí Iontrála Gaelscoil na Lochanna**

**Cill Moloma, Baile Coimín, Co. Chill Mhantáin, W91 A403.**

**Uimhir rolla: 20243o**

**Pátrún na Scoile: An Foras Pátrúnachta**

## **1. Réamhrá**

Comhlíonann an Polasaí Iontrála seo ceanglais an Achta Oideachais 1998, an Achta Oideachais (Iontráil i Scoileanna) 2018 agus an Achta um Stádas Comhionann 2000. Agus an polasaí seo á dhréachtú, chuaigh Bord Bainistíochta na scoile i gcomhairle le foireann na scoile, le pátrún na scoile agus le tuismitheoirí leanaí atá ag freastal ar an scoil.

D'fhaomh an pátrún scoile an polasaí ar an 11/06/2020. Tá sé foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear ar fáil i gcóip chrua é ar iarratas d'aon duine a iarrann é.

Tá na dátaí agus na hamlínte ábhartha do pholasaí iontrála Gaelscoil na Lochanna leagtha amach san fhógra maidir le hiontráil bhliantúil na scoile a fhoilsítear go bliantúil ar shuíomh gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad roimh thús an phróisis iontrála don scoilbhliain lena mbaineann.

Ní mór an polasaí seo a léamh i gcomhar leis an bhfógra maidir le hiontráil Bhliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Foilsítear an fhoirm iarratais i gcomhair iontrála ar shuíomh gréasáin na scoile agus cuirfear cóip chrua di ar fáil d'aon duine a iarrann sin.

## **2. Spiorad sainiúil agus cuspóirí ginearálta na scoile**

Is bunscoil lán-Ghaeilge de chuid An Foras Pátrúnachta í Gaelscoil na Lochanna. Is scoil chomhoideachasúil í a bhí bunaithe i 2006 agus tá éiteas idirchreidmheach aici.

Is príomhchuspóir na scoile í an Ghaeilge a chothú. Cuirimid fáilte roimh pháistí beag beann ar a gcúlra, creidimh nó riachtanais speisialta.

### **3. Ráiteas maidir le hIontráil**

Ní dhéanfaidh Gaelscoil na Lochanna idirdhealú maidir le dalta a ligean isteach i scoil ar bhonn aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) inscne an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (b) stádas sibhialta an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (c) stádas teaghlaigh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (d) gnéaschlaonadh an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (e) reiligiún an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (f) bunús mhíchumas an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (g) cine an dalta nó an iarratasóra i leith an dalta lena mbaineann,
- (h) dalta nó iarratasóir ó phobal an lucht siúil i leith an dalta lena mbaineann, nó
- (i) riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta nó ag an iarratasóir i leith an dalta lena mbaineann.

De réir Alt 61 (3) den Acht Oideachas 1998, forléireofar 'foras stádais shibhialta', 'foras míchumais', 'leithcheal', 'foras stádas teaghlaigh', 'foras inscne', 'foras cine', 'foras reiligiúin', 'foras gnéaschlaonta' agus 'foras pobail Taistil' de réir alt 3 den Acht um Stádas Comhionann 2000.

### **4. Na catagóirí de Riachtanais Speisialta Oideachais a ndéantar freastal orthu sa scoil/sa rang speisialta**

N/A

### **5. Daltaí a Ligean Isteach**

Ligfidh an scoil seo isteach gach dalta atá ag lorg iontrála ach amháin sna cásanna a leanas –

- a) i gcás ina bhfuil ró-éileamh ar an scoil (féach alt 6 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí)

b) i gcás go dteipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin.

## 6. Ró-iarratas (ní mór do gach scoil an chuid seo a chomhlánú, scoileanna nach measann go mbeidh ró-eileamh orthu san áireamh)

**Riachtanas Iontrála** Ní mór do pháiste breithlá 4 bliana d'aois a bheith acu ar an **1 Meitheamh** den bhliain a bheadh sé i gceist acu tosú ar scoil. Cuirfidh aon iarratas do pháiste a bheidh breithlá 4 bliana d'aois acu idir an **1 Meitheamh** agus an chéad lá scoile ar an bpríomhliosta feithimh i gcás ró-éilimh & d'fhéadfaí áit a thairiscint dá mbeadh áit scoile ar fáil tar éis do na critéir a bheith curtha i bhfeidhm.

Sa chás go bhfuil ró-eileamh ar an scoil, déanfaidh an scoil na critéir roghnaithe a leanas a chur i bhfeidhm san ord ina bhfuil siad thíos maidir leis na hiarratais a fhaightear laistigh den amlíne chun iarratais a fháil mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála na scoile agus na hiarratais ar chead isteach á gcinneadh aici.

1. Deartháireacha, deirfiúracha, leath-shiblí, páistí altramaigh nó uchtaithe le daltaí reatha na scoile.
2. Páistí gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach i scoil lán-Ghaeilge é/í.\*
3. Páistí a bhfuil deartháir, deirfiúr, leath-shiblí, siblí altramaigh nó uchtaithe acu a d'fhreastail ar an scoil cheana féin.
4. De réir aoise; an páiste is sine ar dtús.

\*Beidh an dualgas iomlán ar thuismitheoirí/chaomhnóirí fianaise leordhóthanach a chur ar fáil chun leibhéal líofachta sa Ghaeilge a léiriú don bhord. Féach eolas breise sa cháipéis ábhartha atá ar fáil ón scoil.

Sa chás go bhfuil beirt daltaí nó níos mó ceangailte le haghaidh áite nó áiteanna in aon cheann de na catagóirí critéir roghnúcháin thuas (agus líon na n-iarratasóirí níos mó ná líon na n-áiteanna atá fágtha), beidh feidhm ag na socrúithe a leanas:

Tá sé de cheart ag Bord na scoile uaslíon na ndaltaí in aon rang ar leith a leagadh síos. Is é an t-uaslíon daltaí a cheadófar sna Naíonáin Shóisearacha ná 31.

Má tá beirt daltaí nó níos mó ceangailte faoi chritéar 1/2/3, socrófar tús áite de réir an chéad chritéar eile ar an liosta. Má tá critéar 4 i gceist, cuirfear san áireamh an t-am ar rugadh an leanbh atá ar fáil ar an deimhniú breithe.

## 7. An méid nach mbreithneofar ná nach gcuirfear san áireamh

De réir alt 62(7)(e) den Acht Oideachais 1998, ní dhéanfaidh an scoil aon cheann díobh seo a leanas a bhreithniú ná a chur san áireamh agus iarratais ar chead isteach á gcinneadh nó nuair a bhíonn dalta á c(h)ur ar liosta feithimh le haghaidh iontrála sa scoil.

- (a) freastal roimh ré ag dalta ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile, lena n-áirítear naíonraí,
- (b) íocaíocht táillí nó ranníocaíochtaí (cibé slí a dtuairiscítear é) leis an scoil;
- (c) cumas, scileanna nó inniúlacht acadúil an dalta;  
seachas i ndáil le:  
-ligean isteach i scoil lán-Ghaeilge, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht
- (d) gairm, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht tuismitheoirí dalta;
- (e) ceanglas go bhfreastalóidh dalta, nó a t(h)uismitheoirí ar agallamh, lá oscailte nó cruinniú eile mar choinníoll iontrála;
- (f) ceangal dalta leis an scoil de bhua duine dá t(h)eaghlach ag freastal ar an scoil nó a d'fhreastail ar an scoil roimhe sin;  
  
seachas go bhfuil sé i gceist ag an scoil:
  - critéir roghnúcháin a chur san áireamh bunaithe ar dheartháireacha nó deirfiúracha dalta atá ag freastal ar an scoil faoi láthair nó a d'fhreastail ar an scoil roimhe seo.
- (g) an dáta agus an t-am ar ghlac an scoil le hiarratas iontrála

Tá sé seo faoi réir an iarratais a bheith faighte ag am ar bith le linn na tréimhse a shonraítear chun iarratais a fháil- mar atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile don scoilbhliain lena mbaineann.

Tá sé seo faoi réir freisin ag tairiscintí a bheith tugtha ag an scoil go foirmiúil i scríbhinn cheana féin, bunaithe ar liostaí feithimh reatha (suas go dtí an 31ú Eanáir 2025 amháin).

## 8. Cinntí ar iarratais

Beidh na cinntí go léir maidir le hiarratais ar iontráil chuig Gaelscoil na Lochanna bunaithe ar na nithe a leanas:

- Polasaí iontrála na scoile
- Fógra iontrála bliantúil na scoile (nuair is cuí);
- An fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil i bhfoirm iarratais oifigiúil na scoile a fuarthas le linn na tréimhse atá sonraithe inár bhfógra iontrála bliantúil chun iarratais a fháil;

(Féach alt 14 thíos maidir le hiarratais a fuarthas lasmuigh den tréimhse iontrála agus alt 15 thíos maidir le hiarratais ar áiteanna i mblianta seachas an grúpa ligthe isteach.)

Ní úsáidfear critéir roghnúcháin nach n-áirítear inár bpolasaí iontrála scoile chun cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas ar áit inár scoil.

## 9. Cinntí a chur in iúl d'iarratasóirí

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn maidir le cinneadh na scoile, laistigh den amlíne atá leagtha amach san fhógra bliantúil iontrála.

Mura dtairgtear áit do dhaltá inár scoil, cuirfear na cúiseanna nár tairgeadh áit dó nó di ar fáil i scríbhinn don iarratasóir, lena n-áirítear, nuair is infheidhme, sonraí maidir le rangú an dalta i gcoinne na gcritéar roghnúcháin agus na sonraí faoi áit an dalta ar an liosta feithimh don scoilbhliain lena mbaineann.

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin gceart chun athbhreithniú/ceart achomhairc a lorg maidir le cinneadh na scoile (féach alt 18 thíos le haghaidh tuilleadh sonraí).

## **10. Glacadh le tairiscint áite ag iarratasóir**

Agus tairiscint iontrála á glacadh agat ó Ghaelscoil na Lochanna, ní mór duit an méid a leanas a léiriú—

(i) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil glactha agat le tairiscint iontrála ar scoil nó ar scoileanna eile. Má ghlac tú le tairiscint den sórt sin, ní mór duit sonraí na tairisceana nó na dtairiscintí lena mbaineann a chur ar fáil freisin.

(ii) cé acu an bhfuil iarratas déanta agat ar thairiscint iontrála ó scoil nó ó scoileanna eile nó cé acu an bhfuil tú ag feitheamh lena dheimhniú, agus má tá, ní mór duit sonraí na scoile nó na scoileanna eile lena mbaineann a sholáthar.

## **11. Cúinsí nach féidir tairiscintí a dhéanamh ina leith nó a tharraingt siar**

Ní féidir le Gaelscoil na Lochanna tairiscint iontrála a dhéanamh ná a tharraingt siar sna cásanna a leanas —

- (i) déantar amach go bhfuil an fhaisnéis atá san iarratas bréagach nó míthreorach.
- (ii) teipeann ar iarratasóir glacadh le tairiscint iontrála ar nó roimh an dáta atá leagtha amach i bhfógra iontrála bliantúil na scoile.
- (iii) má theipeann ar thuismitheoir dalta, nuair a éilíonn an príomhoide é de réir alt 23(4) den Acht Oideachais (Leas) 2000, a dhearbhú i scríbhinn go bhfuil cód iompair na scoile inghlactha dó nó di agus go ndéanfaidh sé nó sí gach iarracht réasúnach lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin; nó
- (iv) teipeann ar iarratasóir riachtanais a chomhlíonadh chun 'glacadh le tairiscint' mar atá leagtha amach in alt 10 thuas.

## **12. Sonraí a roinnt le scoileanna eile**

Ba chóir d'iarratasóirí a bheith feasach go gceadaítear le hAlt 66(6) den Acht Oideachas (Iontráil Scoileanna), 2018 comhroinnt sonraí idir scoileanna d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú.

**Tá ceadaithe de réir Alt 66 (6) do scoil liosta de na daltaí a sholáthar do phátrún nó do bhord bainistíochta eile:**

- (i) go bhfuarthas iarratas ar ligean isteach sa scoil,
- (ii) go ndearnadh tairiscint ar áit sa scoil, nó
- (iii) gur glacadh le tairiscint ar áit scoile.

**Féadfaidh aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas a bheith ar an liosta:**

- (i) an dáta a fuair an scoil iarratas ar áit scoile;

(ii) an dáta a rinne an scoil tairiscint ar áit scoile;

(iii) an dáta ar ghlac iarratasóir le tairiscint ar áit scoile;

(iv) sonraí pearsanta dalta(i) lena n-áirítear ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir seirbhíse poiblí pearsanta (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúthaithe Leasa Shóisialaigh 2005).

### **13. Liosta feithimh i gcás ró-iarratais**

I gcás go mbeidh níos mó iarratas ar an scoilbhliain lena mbaineann ná na háiteanna atá ar fáil, tiomsófar liosta feithimh de dhaltáí nár éirigh lena n-iarratas ar iontráil chuig Gaelscoil na Lochanna mar gheall ar ró-éileamh ar an scoil agus beidh siad bailí don scoilbhliain ina bhfuil cead isteach á lorg.

Tá socrúchán ar liosta feithimh Ghaelscoil na Lochanna san ord tosaíochta a shanntar d'iarratais na ndaltaí tar éis don scoil na critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm de réir an pholasaí iontrála seo.

Déanfar tairiscintí maidir le haon áiteanna ina dhiaidh sin a bheidh ar fáil don scoilbhliain agus lena linn a bhfuil cead isteach á lorg ina leith maidir leis na daltaí sin ar an liosta feithimh, de réir an oird tosaíochta ar cuireadh na daltaí ar an liosta.

Déanfar an liosta forlíontach feithimh a chruthú má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh a leagtar amach san Fhógra Iontrála Bliantúil. Cuirfear na hiarratais in ord de réir na gcritéar roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo. Beidh an chéad liosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarrthóirí ar an liosta forlíontach seo.

### **14. Iarratais Dhéanacha**

Déanfar áit a thairiscint má tá áit ar fáil sa scoil.

Má tá ró-éileamh ar áiteanna sa scoil tar éis an príomhphróisis iontrála, líonfar aon áit scoile a thagann chun cinn ina dhiaidh sin ón liosta feithimh a cruthaítear as an bpróiseas sin.

Má fhaightear iarratais tar éis an dáta deiridh mar atá leagtha amach san Fhógra Iontrála Bliantúil déanfar liosta forlíontach feithimh a chruthú. Beidh an príomhliosta feithimh glanta sula ndéanfar áiteanna a thairiscint d'iarrthóirí ar an liosta forlíontach seo. Nuair a thagann spás chun cinn sa scoil, déanfar na hiarratais ar an liosta forlíontach feithimh a mheas de réir na gcritéar roghnúcháin sa pholasaí iontrála seo ar an lá a thagann an áit scoile sin chun cinn de réir an Achta um Iontrálacha Scoile 2018 agus de réir aon rialacháin a rinneadh faoin Acht sin.

### **15. Nósanna imeachta maidir le daltaí a ligean isteach i mblianta eile agus le linn na scoilbhliana**

Seo a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin chuig ranganna nó blianta seachas grúpa iontrála na scoile **ag tús na scoilbhliana**:

Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Shóisearacha litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.

#### **Naíonáin Shinsearacha/Rang 1**

Tabharfar áit má tá áit ar fáil sna ranganna seo a leanas: Naíonáin Shinsearacha agus Rang 1. Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach i Roinn 6 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an pháiste ar an liosta feithimh de réir Alt 13 den bheartas seo.

#### **Rang 2 go Rang 6**

Tabharfar áit do pháistí i Rang 2 – Rang 6 má tá spás sa rang **agus** má chinneann an Príomhoide/Bord Bainistíochta go bhfuil cumas Gaeilge an pháiste ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. **Beidh ar an tuismitheoir/caomhnóir fianaise den chaighdeán seo a chur ar fáil.** Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh sna cásanna seo.

Is iad a leanas nósanna imeachta na scoile maidir le daltaí a ligean isteach nach bhfuil glactha isteach sa scoil cheana féin, tar éis thús na scoilbhliana ina lorgaítear an cead isteach:

Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar áit in aon rang seachas Naíonáin Shóisearacha litir iarratais chuige sin a scríobh chuig Cathaoirleach an Bhoird. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile agus is faoin mBord amháin atá an cinneadh seo.

#### **Naíonáin Shinsearacha/Rang 1**

Tabharfar áit má tá áit ar fáil sna ranganna seo a leanas: Naíonáin Shinsearacha agus Rang 1. Sa chás go sáraíonn líon na n-iarratas líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rang ábhartha, cuirfidh an scoil na critéir roghnúcháin atá leagtha amach i Roinn 6 den bheartas seo i bhfeidhm ar na hiarratais sin. Sa chás nach bhfuil aon áit ar fáil, cuirfear ainm an pháiste ar an liosta feithimh de réir Alt 13 den bheartas seo.

#### **Rang 2 go Rang 6**

Tabharfar áit do pháistí i Rang 1 – Rang 6 má tá spás sa rang **agus** má chinneann an Príomhoide/Bord Bainistíochta go bhfuil cumas Gaeilge an pháiste ar leibhéal a ligfeadh don pháiste feidhmiú agus foghlaim sa rang agus nach mbeadh ar dhaltaí eile iompú ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh. **Beidh ar an tuismitheoir/caomhnóir fianaise den chaighdeán seo a chur ar fáil.** Is ag an mBord Bainistíochta a bheidh an cinneadh deiridh sna cásanna seo.

## **16. Dearbhú maidir le gan táillí a ghearradh**

Baineann an riail seo le gach scoil.

Ní ghearrfaidh Bord Gaelscoil na Lochanna ná aon duine a ghníomhaíonn thar a cheann táillí ar íocaíocht nó ní lorgóidh sí íocaíocht ná ranníocaíocht (cibé slí a dtuairiscítear) mar choinníoll de -

- (a) iarratas ar dhalta a ligean isteach sa scoil, nó
- (b) iontráil nó clárú leanúnach dalta sa scoil.

## 17. Socruithe maidir le daltaí nach bhfreastalaíonn ar theagasc reiligiúnach

**Is scoil Scoileanna Idirchreidmheach í Gaelscoil na Lochanna ach cuireann an scoil fáilte roimh gach uile dalta.**

Seo a leanas socruithe na scoile do dhaltaí, sa chás gur iarr na tuismitheoirí, a d'iarr go bhfreastalódh an dalta ar an scoil gan freastal ar theagasc reiligiúnach sa scoil.

Ba cheart iarratas i scríbhinn a dhéanamh le Príomhoide na Scoile. Déanfar cruinniú a eagrú le tuisítí/caomhnóirí an dalta chun plé a dhéanamh ar conas is fearr freastal ar an iarratas sin.

Ní bheidh laghdú ar lá scoile na ndaltaí sin mar thoradh ar na socruithe sin.

## 18. An ceart chun athbhreithnithe/achomhairc

### **Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta**

Féadfaidh tuismitheoir dalta, nó i gcás dalta a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici féadfaidh sé/sí a iarraidh ar an mbord athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh áit sa scoil a dhiúltú. Ní mór iarratais den gcineál sin a dhéanamh de réir Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear athbhreithniú den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hathbhreithnithe den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Déanfaidh an Bord athbhreithnithe den gcineál sin de réir na nósanna imeachta a rialaítear faoi Alt 29B i gcomhair le Alt 29C den Acht Oideachais 1998.

**Tabhair faoi deara:** Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, ní mór don iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.



Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998.

### **Ceart achomhairc**

Faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998, féadfaidh tuismitheoir dalta, nó i gcás dalta a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige/aici, féadfaidh sé/sí achomharc a dhéanamh ar chinneadh na scoile seo áit sa scoil a dhiúltú.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Is féidir achomharc a dhéanamh faoi Alt 29 (1)(c)(i) den Acht Oideachais 1998 sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chúis seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil.

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, **ní mór** don iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh **roimh achomharc a dhéanamh** faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Sa chás gur diúltaíodh áit d'iarratasóir mar gheall ar chás seachas ró-éileamh ar áiteanna sa scoil, féadfaidh an t-iarratasóir iarraidh ar an mBord Bainistíochta **athbhreithniú ar an gcinneadh** sin a dhéanamh roimh achomharc a dhéanamh faoi alt 29 den Acht Oideachais 1998. (féach Athbhreithniú ar chinntí an Bhord Bainistíochta)

Déanfar achomhairc faoi Alt 29 den Acht Oideachais 1998 a mheas agus a chinneadh ag coiste neamhspleách achomhairc arna cheapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Tá an t-amlíne ina gcaithfear achomharc den gcineál sin a iarraidh agus na ceanglais eile a bhaineann maidir le hachomhairc den gcineál sin leagtha amach sna nósanna imeachta arna gcinneadh ag an Aire faoi alt 29B den Acht Oideachais 1998 atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.



## Admission policy

### **Admission Policy of Gaelscoil na Lochanna**

**Kilmalum, Blessington, Co. Wicklow, W91 A403.**

**Roll number: 20243o**

**School Patron/s: An Foras Pátrúnachta**

#### **1. Introduction**

This Admission Policy complies with the requirements of the Education Act 1998, the Education (Admission to Schools) Act 2018 and the Equal Status Act 2000. In drafting this policy, the Board of Management of the school has consulted with school staff, the school patron and with parents of children attending the school.

The policy was approved by the school patron on 11.06.20. It is published on the school's website and will be made available in hardcopy, on request, to any person who requests it.

The relevant dates and timelines for Gaelscoil na Lochanna admission process are set out in the school's annual admission notice which is published annually on the school's website at least one week before the commencement of the admission process for the school year concerned.

This policy must be read in conjunction with the annual admission notice for the school year concerned.

The application form for admission is published on the school's website and will be made available in hardcopy on request to any person who requests it.

#### **2. Characteristic spirit and general objectives of the school**

Gaelscoil na Lochanna is an all-Irish primary school of An Foras Pátrúnachta. It is a co-educational school established in 2006 and has an inter-denominational ethos.

The promotion of Irish is the primary objective of the school. We welcome children regardless of their background, beliefs or special needs.

### **3. Admission Statement**

Gaelscoil na Lochanna will not discriminate in its admission of a student to the school on any of the following:

- (a) the gender ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (b) the civil status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (c) the family status ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (d) the sexual orientation ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (e) the religion ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (f) the disability ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (g) the ground of race of the student or the applicant in respect of the student concerned,
- (h) the Traveller community ground of the student or the applicant in respect of the student concerned,  
or
- (i) the ground that the student or the applicant in respect of the student concerned has special educational needs

As per section 61 (3) of the Education Act 1998, 'civil status ground', 'disability ground', 'discriminate', 'family status ground', 'gender ground', 'ground of race', 'religion ground', 'sexual orientation ground' and 'Traveller community ground' shall be construed in accordance with section 3 of the Equal Status Act 2000.

### **4. Categories of Special Educational Needs catered for in the school/special class**

**N/A**

**Note for schools:** The act does not require schools and special classes providing for a category or categories of special educational needs to change their current status. The current arrangements in relation to the category or categories of special educational needs provided by schools will continue as in previous years unless otherwise directed by the NCSE or the Department.

### **5. Admission of Students**

This school shall admit each student seeking admission except where –

a) the school is oversubscribed (please see section 6 below for further details)

b) a parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student

## **6. Oversubscription (this section must be completed by all schools including schools that do not anticipate being oversubscribed)**

**Entry Requirement** A child must have a 4 year old birthday on the 1st of June of the year they intend to start school. Any application for a child who will have a 4 year old between 1st June and the first school day will be placed on the main waiting list in the event of over-demand & may be offered a place if a school place becomes available following the criteria being implemented.

In the event that the school is oversubscribed, the school will, when deciding on applications for admission, apply the following selection criteria in the order listed below to those applications that are received within the timeline for receipt of applications as set out in the school's annual admission notice:

1. Brothers, sisters, half-siblings, foster or adopted siblings of children who currently attend the school.
2. Children for whom the school is satisfied that the child has attained a level of fluency in Irish and that this fluency is likely to decline if he / she is not admitted to an all-Irish school. \*
3. Children who have a brother, sister, half sibling, foster or adopted sibling who have previously attended the school.
4. By age; the oldest child first.

\* The onus will be on parents / guardians to provide sufficient evidence to demonstrate to the board a level of fluency in Irish. See further information in the relevant document available from the school.

In the event that there are two or more students tied for a place or places in any of the selection criteria categories above (the number of applicants exceeds the number of remaining places), the following arrangements will apply:

The school Board reserves the right to set the maximum number of pupils in any given class. The maximum number of pupils to be admitted in Junior Infants is 31.

If two or more pupils are bound under the 1/2/3 criterion, priority will be set according to the next criterion on the list. If criterion 4 applies, the time of birth of the baby available on the birth certificate will be taken into account.

## **7. What will not be considered or taken into account**

In accordance with section 62(7)(e) of the Education Act, the school will not consider or take into account any of the following in deciding on applications for admission or when placing a student on a waiting list for admission to the school:

- (a) a student's prior attendance at a pre-school or pre-school service, including naíonraí,
- (b) the payment of fees or contributions (howsoever described) to the school;
  
- (c) a student's academic ability, skills or aptitude;
  - admission to an Irish language school, in accordance with the provisions of section 62(9) of the act
  
- (d) the occupation, financial status, academic ability, skills or aptitude of a student's parents;
  
- (e) a requirement that a student, or his or her parents, attend an interview, open day or other meeting as a condition of admission;
  
- (f) a student's connection to the school by virtue of a member of his or her family attending or having previously attended the school;

-other than, in the case of the school wishing to include a selection criteria based on siblings of a student attending or having attended the school

- (g) the date and time on which an application for admission was received by the school,

This is subject to the application being received at any time during the period specified for receiving applications set out in the annual admission notice of the school for the school year concerned. This is also subject to the school making offers based on existing waiting lists (up until 31<sup>st</sup> January 2025 only).

## **8. Decisions on applications**

All decisions on applications for admission to Gaelscoil na Lochanna will be based on the following:

- Our school's admission policy
- The school's annual admission notice (where applicable)
- The information provided by the applicant in the school's official application form received during the period specified in our annual admission notice for receiving applications

(Please see section 14 below in relation to applications received outside of the admissions period and section 15 below in relation to applications for places in years other than the intake group.)

Selection criteria that are not included in our school admission policy will not be used to make a decision on an application for a place in our school.

## **9. Notifying applicants of decisions**

Applicants will be informed in writing as to the decision of the school, within the timeline outlined in the annual admissions notice.

If a student is not offered a place in our school, the reasons why they were not offered a place will be communicated in writing to the applicant, including, where applicable, details of the student's ranking against the selection criteria and details of the student's place on the waiting list for the school year concerned.

Applicants will be informed of the right to seek a review/right of appeal of the school's decision (see section 18 below for further details).

## **10. Acceptance of an offer of a place by an applicant**

In accepting an offer of admission from Gaelscoil na Lochanna, you must indicate—

(i) whether or not you have accepted an offer of admission for another school or schools. If you have accepted such an offer, you must also provide details of the offer or offers concerned and

(ii) whether or not you have applied for and awaiting confirmation of an offer of admission from another school or schools, and if so, you must provide details of the other school or schools concerned.

## **11. Circumstances in which offers may not be made or may be withdrawn**

An offer of admission may not be made or may be withdrawn by Gaelscoil na Lochanna where—

- it is established that information contained in the application is false or misleading.
- an applicant fails to confirm acceptance of an offer of admission on or before the date set out in the annual admission notice of the school.
- the parent of a student, when required by the principal in accordance with section 23(4) of the Education (Welfare) Act 2000, fails to confirm in writing that the code of behaviour of the school is acceptable to him or her and that he or she shall make all reasonable efforts to ensure compliance with such code by the student; or
- an applicant has failed to comply with the requirements of 'acceptance of an offer' as set out in section 10 above.

## **12. Sharing of Data with other schools**

Applicants should be aware that section 66(6) of the Education (Admission to Schools) Act 2018 allows for the sharing of certain information between schools in order to facilitate the efficient admission of students.

Section 66 (6) allows schools to provide a patron or other board of management with a list of pupils:

- (i) an application for admission to the school has been received,
- (ii) an offer has been made for a place at the school, or
- (iii) an offer of a school place has been accepted.

The list may include any or all of the following:

- (i) the date on which the school received an application for a school place;
- (ii) the date on which the school made an offer of a school place;
- (iii) the date on which an applicant accepted an offer of a school place;
- (iv) the personal details of pupil (s) including name, address, date of birth and personal public service number (within the meaning of section 262 of the Social Welfare Consolidation Act 2005).

## **13. Waiting list in the event of oversubscription**

In the event of there being more applications to the school year concerned than places available, a waiting list of students whose applications for admission to Gaelscoil na Lochanna were unsuccessful due to the school being oversubscribed will be compiled and will remain valid for the school year in which admission is being sought.

Placement on the waiting list of Gaelscoil na Lochanna is in the order of priority assigned to the students' applications after the school has applied the selection criteria in accordance with this admission policy.

Offers of any subsequent places that become available for and during the school year in relation to which admission is being sought will be made to those students on the waiting list, in accordance with the order of priority in relation to which the students have been placed on the list.

The supplementary waiting list will be created if applications are received after the closing date set out in the Annual Admission Notice. Applications will be ranked according to the selection criteria in this admissions policy. The first waiting list will be cleared before candidates are offered places on this supplementary list.

## **14. Late Applications**

All applications for admission received after the closing date as outlined in the annual admission notice will be considered and decided upon in accordance with our school's admissions policy, the Education Admissions to School Act 2018 and any regulations made under that Act.

## **15. Procedures for admission of students to other years and during the school year**

The procedures of the school in relation to the admission of students who are not already admitted to the school to classes or years other than the school's intake group are as follows:

Parents / guardians wishing to apply for a place in any class other than Junior Infants must write an application letter to this effect to the Chairperson of the Board. The decision to admit children in any other class is a matter for the Board of Management to decide.

### **Senior Infants / 1st Class**

Places will be allocated if places are available in the following classes: Senior Infants and 1st Class. Where the number of applications exceeds the number of places available in the relevant class, the school will apply the selection criteria set out in Section 6 of this policy. Where no places are available, the child's name will be placed on the waiting list in accordance with Section 13 of this policy.

### **2nd to 6th Class**

Children in Rang 2 - Rang 6 will be given a place if there is space in the class and the Principal / Board of Management decides that the child's Irish language ability is at a level that would allow the child to function and learn in class while other pupils would not have to turn to English to communicate. The parent / guardian will be required to provide evidence of this standard. The Board of Management will have the final decision in these cases.



The procedures of the school in relation to the admission of students who are not already admitted to the school, after the commencement of the school year in which admission is sought, are as follows:

Parents / guardians wishing to apply for a place in any class other than Junior Infants must write an application letter to this effect to the Chairperson of the Board. The decision to adopt children in any other class is a matter for the Board of Management to decide.

#### Senior Infants / 1st Class

Places will be allocated if places are available in the following classes: Senior Infants and 1st Class. Where the number of applications exceeds the number of places available in the relevant class, the school will apply the selection criteria set out in Section 6 of this policy. Where no places are available, the child's name will be placed on the waiting list in accordance with Section 13 of this policy.

#### 2nd to 6th Class

Children in Rang 1 - Rang 6 will be given a place if there is space in the class and the Principal / Board of Management decides that the child's Irish language ability is at a level that would allow the child to function and learn in class while other pupils would not have to turn to English to communicate. The parent / guardian will be required to provide evidence of this standard. The Board of Management will have the final decision in these cases.

## 16. Declaration in relation to the non-charging of fees

This rule applies to all schools.

The Board of Gaelscoil na Lochanna or any persons acting on its behalf will not charge fees for or seek payment or contributions (howsoever described) as a condition of-

- (a) an application for admission of a student to the school, or
- (b) the admission or continued enrolment of a student in the school.

**Note:** Exceptions apply only in relation to fee charging post primary schools, the boarding element in Boarding Schools and admission to post leaving cert or further education courses run by post-primary schools.

## 17. Arrangements regarding students not attending religious instruction

This section must be completed by schools that provide religious instruction to students.

Gaelscoil na Lochanna is an Interdenominational school but the school welcomes all pupils.

The following are the school's arrangements for pupils, whose parents have requested that the student attend school without attending religious instruction in the school.

Application should be made in writing to the School Principal. A meeting will be arranged with the student's parents / guardians to discuss how best to meet that request.

These arrangements will not result in a reduction in the school day for these pupils.

## 18. Reviews/appeals

### **Review of decisions by the Board of Management**

The parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may request the Board to review a decision to refuse admission. Such requests must be made in accordance with Section 29C of the Education Act 1998.

The timeline within which such a review must be requested and the other requirements applicable to such reviews are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.

The Board will conduct such reviews in accordance with the requirements of the procedures determined under Section 29B and with section 29C of the Education Act 1998.

**Note:** Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the Board of Management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the Board of Management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998.

### **Right of appeal**

Under Section 29 of the Education Act 1998, the parent of the student, or in the case of a student who has reached the age of 18 years, the student, may appeal a decision of this school to refuse admission.

An appeal may be made under Section 29 (1)(c)(i) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due to the school being oversubscribed.

An appeal may be made under Section 29 (1)(c)(ii) of the Education Act 1998 where the refusal to admit was due a reason other than the school being oversubscribed.

Where an applicant has been refused admission due to the school being oversubscribed, the applicant **must request a review** of that decision by the Board of Management **prior to making an appeal** under section 29 of the Education Act 1998. (see Review of decisions by the Board of Management)

Where an applicant has been refused admission due to a reason other than the school being oversubscribed, the applicant **may request a review** of that decision by the Board of Management prior to making an appeal under section 29 of the Education Act 1998 (see Review of decisions by the Board of Management).

Appeals under Section 29 of the Education Act 1998 will be considered and determined by an independent appeals committee appointed by the Minister for Education and Skills.

The timeline within which such an appeal must be made and the other requirements applicable to such appeals are set out in the procedures determined by the Minister under section 29B of the Education Act 1998 which are published on the website of the Department of Education and Skills.